



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Tuarascáil Bhliantúil
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO



Tuarascáil Bhliantúil

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

Clár

1	Ráiteas an Chathaoirligh	1
2	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta	4
3	Beartais Chuntasaíochta NESDO	13
4	Ráitis Airgeadais NESDO	16
5	Aguisín 1: Comhaltas Bhord NESDO	27
6	Aguisín 2: Comhaltas Chomhairle NESC	27
7	Aguisín 3: Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO	30

Ráiteas an Chathaoirligh

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESDO), a bunaíodh faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, comhairle ar an Taoiseach maidir leis na hábhair straitéiseacha go léir a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus timpeallachta in Éirinn.

Bhí NESDO comhdhéanta de thrí chomh-chomhlacht nuair a bunaíodh í – an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESF) agus an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (NCPD). Díscáileadh an NESF agus an NCPD sa bhliain 2010 agus lean NESC uirthi mar chomh-chomhlacht aonar.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil do NESC agus cuireann gach tuarascáil, moladh agus conclúid a eascraíonn ó thionscadail an chomhlachta sin faoi bhráid an Rialtais agus déanann na socruithe maidir le míreanna den sórt sin a fhoilsiú chomh maith.

Tugann *Treoirínte maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta* NESDO breac-chuntas ar shocruithe rialachais chorparáideach na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus Foireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Táim sásta go bhfuil na Treoirínte á gcomhlíonadh go hiomlán.

Reáchtáil Coiste Iniúchta NESDO dhá chruinniú le linn na bliana 2015. Tá an Coiste comhdhéanta de:

- An tUasal Ray Henry (Cathaoirleach)
- An tUasal Ray Henry, Roinn an Taoisigh
- An Dr Helen Johnston, NESDO

Feidhmíonn IAU Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus do lucht bainistíochta NESDO ó thaobh dearbhú a sholáthar ar leordhóthanacht agus éifeachtacht córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus bainistíocht riosca.

Rinne an Coiste Iniúchta dhá iniúchadh maidir le soláthar a rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh le linn 2014. Fuarthas amach san iniúchadh go raibh na híocaíochtaí ar

fad a scrúdaíodh de réir rialacháin agus threoirlínte ábhartha na Roinne Airgeadais, mar atá leagtha síos i d*Treoirlínte Beartais agus Nósanna Imeachta* NESDO.

Leagtar amach sa doiciméad *Nósanna Imeachta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais* NESDO na caighdeáin agus na nósanna imeachta cuntasáíochta ar fad, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hairgead tirim, párolla, fáltais, íocaíochtaí, taisteal agus costas, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil teicneolaíocht faisnéise, rialú buiséid agus coinneáil agus bainistíocht taifead. Dearbhaím nach bhfacthas don lucht bainistíochta gur sáraíodh aon cheann de na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2015 agus go ndearnadh na ceanglais maidir le beartais taistil an Rialtais a chomhlíonadh go hiomlán.

Feidhmíonn an duine céanna sna poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus mar Stiúrthóir NESC, agus íoctar an duine sin maidir lena phost mar Stiúrthóir NESC agus ní fhaigheann sé aon luach saothair bhreise, díolaíochtaí ná costais bhreise maidir lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Íoctar gach comhalta foirne de chuid NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, de réir ciorcláin ábhartha pá arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is deimhin liom go bhfuil na ciorcláin seo á gcomhlíonadh go hiomlán ag NESDO.

Tá NESDO tiomanta a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Cloíodh lena beartas maidir le híocaíocht a dhéanamh ar na sonraisc go léir laistigh de chreataí ama forordaithe le linn na bliana, agus rinneadh nócha cúig faoin gcéad (95%) d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá ó dháta fála na sonrasc. Ní rabhthas faoi dhliteanas ús a íoc maidir leis an fhoráil a bhaineann le híocaíochtaí malla.

Dearbhaím nár tharla aon imeachtaí móra tar éis dháta an chláir comhordaithe le linn na bliana 2015.

Glacann NESDO páirt sa tionscnamh 'Green Team' lena bhfuil baint ag eagraíochtaí atá lonnaithe in uimhir a 16, Cearnóg Parnell Thoir, Baile Átha Cliath 1. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí spárála fuinnimh an 'Green Team' le linn na bliana 2015, rinneadh laghdú 21% ar an iomlán ar ídiú fuinnimh san fhoirgneamh.

Martin Fraser

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialach

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta

Clár Oibre NESC 2015

D'fhoilsigh NESC na tuarascálacha seo a leanas in 2015:

Ireland's Private Rental Sector: Pathways to Secure Occupancy and Affordable Supply (Tuarascáil NESC Uimhir 141). Rinneadh anailís ar an tuarascáil seo ar an mbrú a eascraíonn as earnáil cíosa na hÉireann agus leagadh amach fíis chun earnáil níos mó, níos socair a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith mealltach mar rogha tithíochta san fhadtéarma. Tugann an Chomhairle droim láimhe leis an gcóras ceannasach déachais — rialú cíosa versus dreasachtaí chun soláthar a spreagadh— agus áitíonn go gcaithfidh idir áitíocht dhaingean agus mhéadú mór ar lóistín cíosa inacmhainne a bheith ar fáil in Éirinn. Ag tarraingt ar thaithí agus ar bheartais idirnáisiúnta, leagadh amach sa tuarascáil gnéithe na háitíochta daingne agus an cineál rialaithe a theastaíonn chun í a bhaint amach. D'áitigh sé dá dtabharfaí fóirdheontais soláthair isteach, gur cheart dul i dtreo na tithíochta cíosa buaine inacmhainne agus í a chur ar fáil do theaghlaigh ioncaim ísil agus meánioncaim. Ach ní foláir a bheith níos gníomhaí ó thaobh bainistiú talún de agus ní foláir níos mó inniúlachta a bheith ag baint leis an gcóras tithíochta trí chéile le go n-éireodh leis na bearta seo. Leagadh amach straitéis sa tuarascáil ina cuimsítear áitíocht dhaingean, fóirdheontais soláthair isteach le coinníollacht, bainistiú talún gníomhach, seachadadh Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais agus réiteach na faidhbe a bhaineann le riaráistí ceannach le ligean ar cíos.

Housing Supply and Land: Driving Public Action for the Common Good (Tuarascáil NESC Uimhir 142). Rinneadh anailís sa tuarascáil seo ar na cúinsí casta a chuireann cosc ar sholáthar, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Áitítear go bhfuil na cúinsí chomh líonmhar agus chomh ceangailte sin dá chéile is gur deacair a shamhlú go dtiocfaidh borradh faoin earnáil má dhéantar mionathruithe ar roinnt earraí costais. Agus polasaithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an méid sin, rinneadh dealú sa tuarascáil idir cur chuige 'dreasacht-bhunaithe' agus 'cur chuige comhordaitheach'. Áitíodh nár leor an chéad chur chuige díobh sin, agus nár bh fhéidir coigeartú éifeachtach míreanna costais a aithint agus a chur i gcrích ach amháin laistigh de chomhthéacs an chomhordaithe. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle trí bhunghníomh. Ar an gcéad dul síos, go mbainfí leas as údarás, cumas agus acmhainní an chórais phoiblí chun an deis a thapú tithe a sholáthar an athuir. Ar an dara dul síos, taobh istigh den chomhthéacs, ba cheart cíoradh domhain a dhéanamh ar cén fáth a bhfuil sé chomh deacair sin tithe atá ar phraghas réasúnta agus den déanamh ceart, sna háiteanna cearta, a chur ar fáil agus gníomhú chun dul i ngleic le costais soláthair agus tógála. Is é an tríú rud a mholann an coiste gur

cheart rud éigin a bheith le foghlaim ó na gníomhartha sin agus aghaidh a thabhairt ar aon laigeachtaí institiúide nó aon bhearna eagraíochta i réimsí na tithíochta, na pleanála agus na forbartha bonneagair.

State of Play Review of Environmental Policy Integration Literature (Sraith Thaighde Uimhir 7 NESC). Sa staidéar seo, a rinne taighdeoirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh thar ceann an NESC, rinneadh aththbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta a bhaineann le Comhtháthú Beartas Timpeallachta (EPI). Is cuidiú é an taighde seo d'obair an NESC maidir le forbairt inmharthana, óir táthar ag iarraidh ceisteanna agus gníomhartha a bhaineann leis an timpeallacht a cheangal níos dlúithe le beartais agus straitéisí eacnamaíochta agus sóisialta, in Éirinn agus i dtíortha eile.

Socially Integrated Housing and Sustainable Urban Communities: Case Studies from Dublin (Sraith Thaighde Uimhir 7 NESC). Scrúdaíodh sa tuarascáil seo an dúshlán a bhaineann le pobail uirbeacha inmharthana atá comhtháite ar bhonn sóisialta a chruthú. Rinneadh scagadh inti ar an litríocht idirnáisiúnta atá ann agus aithníodh roinnt samplaí eiseamláireacha. Tá anailís dhomhain inti ar thrí cinn d'iarachtaí tábhachtacha é seo a dhéanamh: Baile Adaim, Dugaí Bhaile Átha Cliath agus Fatima Mansions/Herberton. Bhí ceachtanna le foghlaim as na hiarrachtaí seo, a deirtear sa tuarascáil. Baineann siad seo leis an mbeartas tithíochta trí chéile agus le comhthéacs sholáthar na talún, ról criticiúil na bainistíochta tithíochta agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt don bheartas eacnamaíochta agus sóisialta sa tslí is go rachfar i ngleic le riachtanais fostaíochta agus riachtanais eile.

Sainghrúpa ar Mhaoiniú an Ardoideachais Amach Anseo

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Sainghrúpa ar Mhaoiniú an Ardoideachais Amach Anseo in 2014 'chun ceisteanna a bhaineann le maoiniú inmharthana fadtréimhseach an ardoideachais in Éirinn a aithint agus a bhreithniú agus chun roghnaithe maoinithe don aimsir amach anseo a aithint'. Le linn 2015 lean Rúnaíocht an NESC uirthi ag tabhairt tacaíochta anailíse agus taighde don Ghrúpa seo. Mar chuid de seo, ullmhaíodh trí pháipéar comhairliúcháin do chomhairliúcháin phoiblí — i mí Eanáir, mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair — agus ullmhaíodh páipéir chúlra agus ábhar eolais do chruinnithe míosúla an tSainghrúpa. Bhí baint ag an Rúnaíocht le dréachtadh na tuarascála deiridh, a seoladh chuig an Aire go luath sa bhliain 2016. Thacaigh Comhairle an NESC leis an obair seo freisin. Pléadh an maoiniú a dhéanfaí ar an ardoideachas amach anseo ag cruinnithe mhí Feabhra agus mhí na Samhna.

Ba iad na himeachtaí NESC a bhí ann in 2015:

Environmental Data: Priorities and Innovation. Réachtáladh an seimineár seo Dé hAoine an 24ú Aibreán tar éis fhoilsiú na tuarascála *Ireland's Environmental Data: Inventory, Assessment and Next Steps*, in 2014, tuarascáil ina raibh eolas taighde ó EnvEcon agus Flannery Nagel Environmental. Ba é aidhm fhoriomlán an tionscadail féachaint mhionscrúdaithe, mhachnamhach agus straitéiseach a thabhairt ar shonraí agus ar tháscairí comhshaoil reatha na hÉireann agus ar an ról a bheidh acu amach anseo ó thaobh aistriú chuig sochaí ísealcharbóin a fhiosrú. Dhá chonclúid a tháinig as an taighde: ar an gcéad dul síos, gurbh fhéidir tuilleadh úsáide a bhaint as

sonraí atá ann cheana; agus ar an dara dul síos, go dteastaíonn cur chuige níos comhtháite ó Éirinn chun tús áite a thabhairt do shonraí agus do tháscairí timpeallachta.

D'óstáil an NESC an chomhdháil seo chun na ceisteanna tábhachtacha seo a chíoradh. Ba iad na príomhthéamaí:

- Na rudaí is mó a thiomáin beartais maidir le sonraí timpeallachta (forbairt inmharthana san áireamh);
- Inniúlachtaí i mbailiúchán agus in úsáid sonraí;
- Bealaí le taca a chur faoi aistriú íseal carbóin na hÉireann; agus
- An fiúntas a bhaineann le cur chuige níos comhtháite agus na chéad chéimeanna eile.

Housing: Creating an Affordable, Sustainable and Equitable Housing System. Ba é ba chuspóir leis an gcomhdháil seo, a bhí ar siúl an 10ú Meán Fómhair, ná díospóireacht a spreagadh idir lucht déanta cinntí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach maidir leis an téama Córas Tithíochta Inacmhainne, Inmharthana agus Cothrom a Chruthú.

I measc na bpríomhcheisteanna a ndeachthas i ngleic leo ag an gcomhdháil náisiúnta seo, bhí:

- Tithíocht mar chóras comhtháite - beartas agus cleachtas;
- Ról na n-earnálacha tithíochta cíosa agus sóisialta maidir le tithíocht bhuan agus inacmhainne;
- Conas soláthar talún agus tithíochta a fheabhsú; agus
- An ról atá ag rialáil maidir le tithíocht inacmhainne agus bhuan a chur ar fáil.

Opportunities & Challenges for Climate Mitigation in Irish Transport Sector. Ar an 1ú Nollaig 2015 a bhí an fóram seo ann.

Spreagadh díospóireacht ag an bhfóram i measc lucht déanta cinntí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar aon, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara, áit ar cuireadh béim ar dheiseanna agus ar bhuntáistí a d'fhéadfadh teacht as iompar inmharthana. Mar chuid de chlár an lae, bhí athbhreithniú ar an stádas a bhaineann le hathrú aeráide a mhaolú san earnáil seo agus bhí sraith cainteanna painéil ann. Féachadh le teacht ar réiteach a luífeadh leis na beartais atá in Éirinn faoi láthair.

Bhí réimse leathan peirspictíochtaí i gceist leis na ceithre sheisiún painéil agus breithníodh:

- Na réimsí a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh iontu faoi láthair d'fhonn a oiread deiseanna agus is féidir a chruthú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh (DTTAS / IBEC / TCD);
- Réiteach praiticiúil inmharthana a fháil ó thaobh iompair, agus na buntáistí náisiúnta eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta a bhaineann leis sin (Breathnaíodh ar roinnt cásanna a raibh taithí ag comhairlí cathrach agus contae orthu);
- Réiteach carbóin ísil a fháil maidir le feithiclí paisinéara agus iompar lastais (UCD / SEAI / ESB E-Charranna);
- Machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le hinstiúidí agus le beartais a mbeadh gá leo chun gníomhartha leathana agus réiteach inniúlach a chur i bhfeidhm (NESC / An Taisce).

Cruinnithe Idirnáisiúnta Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta Bhallstáit an AE (ESCanna)

Ghlac an NESC páirt i gcruinnithe bliantúla Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a d'óstáil Comhairle Eacnamaíoch, Sóisialta agus Comhshaol i mBúcairist na Rómáine. Ní raibh ach aon chruinniú amháin ann idir na hUachtaráin agus na hArd-Rúnaithe, a reáchtáladh i mí na Samhna. Ag an gcruinniú seo, bhí plé ann idir uachtaráin agus rúnaithe ginearálta na ESCanna náisiúnta san AE agus san EESC maidir le 'Ról agus impleachtaí an ESC maidir le bochtaineacht agus cuimsitheacht shóisialta a throid le linn géarchéime eacnamaíche agus polaitíochta'.

Cruinnithe NESC a Eagraíodh le linn 2015

An 16 Eanáir

An 20 Feabhra

An 20 Márta

An 15 Bealtaine

An 19 Meitheamh

An 18 Meán Fómhair

An 20 Samhain

An 18 Nollaig

Cuireadh trí chruinniú sceidealta ar ceal. Bhain siad seo le mí Aibreáin (an 17ú), mí Iúil (an 17^ú) agus mí Dheireadh Fómhair (an 16^ú).

Le linn 2015, rinne Rúnaíocht NESC an iliomad cur i láthair ar obair na Comhairle, bhí sí rannpháirteach i réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna agus d'fhreastail ar líon coistí agus ar ghrúpaí oibre. Tá líon de na gníomhaíochtaí seo liostaithe thíos.

Bhí an Stiúrthóir, an Dr. Rory O'Donnell, ina chomhalta ar na comhlachtaí seo a leanas:

- An Grúpa um Rialachas Eacnamaíoch, an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha;
- An Bord Comhairliúcháin ar Lonsamhlú Beartais Nuálaíochta don Gheilleagar Cliste (IPSE), UCD;
- Urban Policy Working Group, an Chomhairle Oidhreachta;
- Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil le haghaidh Chreat an Rialtais, “Our Sustainable Future”.
- Tugadh cuireadh don Stiúrthóir le bheith ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:
 - ‘Social Investment and its Critics’, A Neujobs—Ceardlanna Rochtana na hEorpa, Amsterdam, Eanáir
 - ‘Joint Housing Conference’, RIAI agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Feabhra
 - ‘Experimentalist Elements in Ireland’s Approach to Agriculture and Climate Change’, Ollscoil Columbia, Nua-Eabhrac, Márta
 - ‘Exploring the Community Land Trust Model for Ireland’, RIAI agus Iontaobhas Talún an Phobail, Baile Átha Cliath, Meitheamh
 - ‘Generation Rent: The Future of the Private Rented Sector in Ireland’, Threshold, Baile Átha Cliath, Meitheamh
 - ‘Housing Practitioners Conference’, IPA, Cluain Meala, Meitheamh
 - ‘National Economic Dialogue’, Baile Átha Cliath, Iúil
 - ‘Paradoxes of Housing in Ireland and the UK’, Scoil an Pholasaí Shóisialta, UCD Baile Átha Cliath, Meán Fómhair
 - ‘Environment Ireland Conference’, iris an EPA/Eolas, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair

- ‘Funding and Delivering Social Housing’, Comhdháil Fómhair Ibec ar Thionscal na Maoine Ibec, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair
- ‘Conference on Higher Education Funding in Ireland: Drawing on the International Experience’, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Meán Fómhair
- ‘Housing and Welfare Regimes After the Global Financial Crisis’, Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí, UCD, agus an Líonra Eorpach um Taighde Tithíochta (ENHR), Baile Átha Cliath, Mí na Samhna
- An Coiste um Beartais Straitéisigh do Thithíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Mí na Samhna
- Homeless Campaign ‘Coalition’ Meeting, IMPACT, mí na Samhna
- ‘Good Analysis and Policy Design’, Comhdháil na mBainisteoirí Sinsearacha, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Mí na Nollag
- Seoladh ‘Outlook Report for the Nonprofit Sector’, AIB, Mí na Nollag.

An Dr. John Sweeney (An tAnailísí Beartais Sinsearach):

I rith 2015, sula ndeachaigh sé ar scor san Aibreán, bhí an Dr. Sweeney ina chomhalta de:

- An Grúpa Comhairleach ar Cháin agus ar Leas Sóisialach (nó gur chríochnaigh an Grúpa, Meán Fómhair);
- An Bord Cláir Gníomhaireachta agus Idir-Rannach ar Bhealaí chun na hOibre;
- Stiúrthóir agus comhalta Boird de *Young Ballymun*

Iarradh air Fóram an FET do Dhaoine Fásta a chur i láthair, ‘Earning FET a higher status: the Labour Market as an Ally’, i Márta. D’fhoilsigh an ETBI ábhar na cainte sin in eagrán an Earraigh, 2015, faoin teideal ‘Raising the Status of FET: the Labour Market as an Ally’.

An Dr. Larry O'Connell (Eacnamaí Sinsearach):

Le linn 2015, bhí an Dr. O'Connell ina chomhalta de:

- Rúnaíocht an tSainghrúpa ar Mhaoiniú don Ardoideachas Amach Anseo
- Sruth Oibre Tithíochta Sóisialta 2 - Seachadadh agus Oibríochtaí AHB
- Sruth Oibre Tithíochta Sóisialta 4 - Leasú Tithíochta Sóisialta
- Coiste Monatóireachta an Chláir Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020
- Coiste Comhairleachta d'Fhóram Ceannairí an IIEA/RDS um Talmhaíocht Aeráid-Chliste
- Grúpa Inniúlachta Gáis
- Bhí sé ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:
 - *Social Housing Strategy*, Housing 2020 - Design & Delivery, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), Feabhra
 - *Creating an Affordable, Sustainable and Equitable Housing System*, Fóram Lóistín na Mac Léinn, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Mí na Samhna
 - *Irish Agriculture and Food and Climate Change*, Comhdháil Bhliantúil an EEAC Páras, Mí na Samhna
 - *Funding Irish Higher Education: Case for Investment and Funding Strategies*, Margadh Saothair agus Comhairle Scileanna Ibec, Mí na Nollag

An Dr. Helen Johnston (An tAnailísí Beartais Sinsearach):

Le linn 2015, bhí an Dr. Johnston ina comhalta de:

- An Lárionad um Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach);
- An Bord Náisiúnta Staidrimh;
- The Technical Advisory Group on Poverty Indicators and Data;
- The Carnegie Roundtable on Measuring Wellbeing in Northern Ireland;
- Equality of Opportunity in Practice Advisory Group (Cathaoirleach);
- The Centre of Effective Services Implementation Network;

- The West Tallaght Child Development Initiative Board;
- The People’s Conversation Reference Board;
- Healthy Ireland Outcomes Framework Working Group;
- The World Congress on Women’s Mental Health Local Advisory Committee; agus
- The Nurture Programme Evaluation Advisory Group.

Tugadh cuireadh don Stiúrthóir le bheith ina haoichainteoir ag na himeachtaí seo a leanas:

- ‘All Vision but no Change? Determinants of Implementation’, The Institute of Public Administration Doctorate in Governance Programme, Baile Átha Cliath, Eanáir;
- ‘Understanding Well-Being’, Healthy Outcomes Framework Workshop, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Eanáir;
- ‘All Vision but no Change? Determinants of Implementation’, Teastas Iarchéime de chuid Choláiste na Tríonóide san Eolaíocht Forfheidhmithe, Tamhlacht, Aibreán;
- ‘The Social Policy Work of the National Economic and Social Council’, cruinniú de Líonra Forbartha Áitiúil, An Tulach Mhór, mí Dheireadh Fómhair; agus
- ‘People and Places: Weaving Together Policies for Social Inclusion in Ireland’, Coiste Forbartha Áitiúil Fhine Gall, Baile an Bhlainséir, Mí na Nollag.

Rinne sí taighde agus scríobh sí:

- People and Places: Weaving Together Policies for Social Inclusion in Ireland as the National Expert to the OECD, atá le foilsiú go luath.

I gcomhar le M.J. Hogan, B. Broome, et al., scríobh sí:

- ‘Consulting with Citizens in the Design of Wellbeing Measures and Policies: Lessons from a Systems Science Application’ in *Social Indicators Research*, Imleabhar 123, Uimhir 3, Meán Fómhair 2015; agus
- ‘On the Design of National Wellbeing Measures and Policies’ in éineacht le M. Hogan, B. Broome agus C. Noone in *Crisis and Renewal of Civilisations: The 21st Century Crisis of Ideas and Character*, arna chur in eagar ag: Marek J. Celinski, 2015, New York: arna fhoilsiú ag Nova Science.

An Dr. Anne-Marie McGauran (Anailísí Beartais):

Le linn 2015, bhí an Dr. McGauran ina comhalta de:

- Bord One Family, ag feidhmiú mar Rúnaí agus mar Leas-Chathaoirleach air;
- Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an HSE;
- Grúpa Comhairleachta an HIQA do Chaighdeán Náisiúnta Cúram Cónaithe
- Suíomhanna do Dhaoine Aosta in Éirinn;
- Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach ar Smart Ageing;
- The Research, Impact and Evaluation Work Group of SAGE (Support & Advocacy Service for Older People); agus
- Sruth Oibre Airgeadais Straitéis na Tithíochta Sóisialta 5 (maidir leis an earnáil phríobháideach cíosa).
- Rinne sí cur i láthair agus bhí sí rannpháirteach sna cruinnithe agus sna himeachtaí seo a leanas:
- Comhdháil Tithíochta Eolas, Mí Dheireadh Fómhair.
- Comhdháil Náisiúnta SAGE, Mí Dheireadh Fómhair.

An Dr. Jeanne Moore (Anailísí Beartais):

Le linn 2015, bhí an Dr. Moore ina comhalta de:

- Grúpa Stiúrtha Fhóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha; agus
- Painéal Meastóireachta an EPA do Ghlaoch Taighde Inmharthana 2015;
- Coiste Stiúrtha an Tionscadail Aistrithe; tionscadal taighde faoi stiúir an Ollaimh Geraint Ellis, QUB, arna mhaoiniú ag an EPA; agus
- Grúpa Comhairleachta na Straitéise Taighde Fuinnimh, DCENR.
- Rinne sí cur i láthair agus bhí sí rannpháirteach sna cruinnithe agus sna himeachtaí seo a leanas:
- Cumann Leictreachais na hÉireann, Comhchainteanna ar Leas an Phobail, Eanáir;
- Misean aimsithe fíricí de chuid an DECLG ag Forbairt Náisiúnta agus Coimisiún Athchóirithe na Síne, Soláthar Glas agus Rannpháirtíocht an Phobail in Éirinn, Idirchaidreamh Pobail agus Fuinneamh Gaoithe, Feabhra;

- Margaidh Ghiniúna agus Mhórdhíola BSL, Grúpa Maoinithe Pobail, Cur i Láthair ar Idirchaidreamh Pobail agus Fuinneamh Gaoithe, Feabhra; agus
- Comdháil Bhliantúil an EEAC, Búdaipeist, Deireadh Fómhair.

Rinne sí taighde freisin agus scríobh sí;

- ‘Building Community Engagement and Social Support’, *Wind Insights*, Iris Chumann na Gaoithe Teoranta, Earrach 2015.

Noel Cahill (Anailísí Beartais)

Le linn 2015, bhí Noel ina chomhalta de:

- Rúnaíocht an tSainghrúpa ar Mhaoiniú don Ardoideachas Amach Anseo
- Sruth Oibre Airgeadais Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais, agus
- Teach Imréitigh na Moltaí Tithíochta Sóisialta.

Beartais Chuntasaíochta NESDO

Beartais Chuntasaíochta

Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta seachas sa chás go luaitear a mhalairt.

Aithint Ioncam

Aithnítear Deontas i gCabhair a fhaightear ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid.

Aithnítear ioncam a fhaightear ó dhíolachán foilseachán agus ioncam comhdhála nuair a dhéantar sonrasc ina leith. Sa chás go léirítear nach féidir na hairgid a fháil, déantar foráil maidir le fiacha amhrasacha.

Comhoibríonn NESDO le heagraíochtaí eile ar thionscadail chomhchistithe a d'fhéadfadh seasamh níos faide ná aon bhliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltais airgid.

Airgeadra Eachtrach

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas an euro a thaifeadadh ag na rátaí arna rialú ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta conraithe. Aistrítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais go euro ar dháta an chláir comhardaithe nó ar dháta conraithe. Déileáiltear le difríochtaí sa ráta malairte sa Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Sócmhainní Inláimhsithe

Léirítear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh dá luachanna iarmharacha measta thar a saol úsáideach measta trí thráthchodanna combhionanna.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní inláimhsithe le tagairt don dímheas a ríomhtar mar seo a leanas:

Troscán: 5/10 mbliana;

Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Agus ceadú tugtha ag Roinn an Taoisigh agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi 2015, ghlac gach ball foirne ballraíocht sa scéim pinsean d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamhranníocach í an scéim seo do phinsean scoir agus do shochair chnapshuime an oifigigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Scéim do Chéilí agus Leanáí. Cuireann NESDO na ranníocaíochtaí sin ar ais chuig an Roinn Airgeadais trí Roinn an Taoisigh. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO maidir le socrúithe aoisliúntais na foirne seo.

Le linn na bliana 2015, thug Roinn an Taoisigh ceathrar comhaltaí foirne ar iasacht do NESDO, a bhí clúdaithe ag scéimeanna aoisliúntais a bhí i bhfeidhm sa Roinn sin. Rinne NESDO aisíocaíocht leis an Roinn maidir le tuarastal, ÁSPC fostóra agus aoisliúntas na gcomhaltaí foirne áirithe seo. D'fhabhraigh aisíocaíochtaí ar bhonn míósúil agus cuireadh síos ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais iad. Glac Roinn an Taoisigh freagracht as párolla agus feidhm aoisliúntais maidir leis na comhaltaí foirne seo.

